COMHDHÁIL MAIDIR LE hAONTACHAS
LEIS AN AONTAS EORPACH
– MONTAINÉAGRÓ–

An Bhruiséil, 13 Nollaig 2024
(OR. en)

AD 27/24

LIMITE

CONF-ME 13

PUBLIC

**DOICIMÉAD AONTACHAIS**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH<br>– Caibidil 10: An tsochaí faisnéise agus na meáin |

PUBLIC

## COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH

**Caibidil Caibidlíochta 10: An tsochaí faisnéise agus na meáin**

Tá an seasamh seo ón Aontas Eorpach bunaithe ar an seasamh ginearálta uaidh le haghaidh na Comhdhála Aontachais le Montainéagró (AD 23/12 CONF-ME 2) agus tá sé faoi réir na bprionsabal caibidlíochta a fhormhuinítear ann, go háirithe na prionsabail seo a leanas:

- aon tuairim a chuirfidh ceachtar páirtí in iúl maidir le haon chaibidil den chaibidlíocht, ní dhéanfaidh sí réamhbhreith ar an seasamh a d'fhéadfaí a ghlacadh maidir leis na caibidlí eile;

- na comhaontuithe sin a dtiocfar orthu i gcaitheamh na caibidlíochta ar na caibidlí a ndéanfar scrúdú orthu i ndiaidh a chéile - fiú mura bhfuil iontu ach páirt-chomhaontuithe - ní fhéadfar a mheas gur comhaontuithe críochnaitheacha iad go dtí go mbunófar comhaontú foriomlán;

agus tá sé faoi réir na riachtanas a leagtar amach i bpointí 24, 28, 41 agus 44 den Chreat Caibidlíochta.

Molann an tAontas do Mhontainéagró leanúint den phróiseas ailínithe le *acquis* an Aontais, agus é á thabhairt dá aire aige go bhféadfadh *acquis* breise teacht i bhfeidhm roimh an aontachas, chun cur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach an *acquis* a áirithiú, agus molann sé dó, roimh an aontachas, beartais agus ionstraimí a fhorbairt a bheidh chomh gar agus is féidir do bheartais agus ionstraimí an Aontais.

Tugann an tAontas dá aire go nglacann Montainéagró, sa seasamh AD 13/13 (CONF-ME 9) agus san aguisín AD 13/13 ADD 1 (CONF-ME 9) uaidh, an *acquis* faoi Chaibidil 10 mar atá i bhfeidhm ón 12 Nollaig 2024, agus go ndearbhaíonn sé go mbeidh sé faoi réir lena chur chun feidhme faoi dháta a aontachais leis an Aontas Eorpach.

**Straitéis fhoriomlán**

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil dea-ullmhúcháin déanta ag Montainéagró i réimse na Sochaí Faisnéise agus na Meán.

A mhéid a bhaineann leis na doiciméid straitéiseacha ábhartha, mar shampla, Plean Gníomhaíochta 2024-2025 Mhontainéagró le haghaidh Straitéis 2022-2026 um Chlaochlú Digiteach, tá siad ag teacht le cuspóirí an **Chláir Beartais don Deacáid Dhigiteach**. Is díol sásaimh don Aontas go bhfuil Montainéagró tiomanta bonneagar digiteach a fheabhsú a thuilleadh, an litearthacht dhigiteach a mhéadú, agus seirbhísí digiteacha a chur chun cinn.

Tugann an tAontas dá aire go ndeachaigh Montainéagró isteach sa **Chlár don Eoraip Dhigiteach**, nuair a síníodh an Comhaontú Comhlachais leis an gClár sin idir an Coimisiún Eorpach agus Montainéagró i mí an Mheithimh 2023 le linn an chruinnithe den dara hIdirphlé Rialála maidir leis na Balcáin Thiar. Tháinig an comhaontú comhlachais i bhfeidhm le héifeacht chúlghabhálach ón 1 Eanáir 2023. Ó shin i leith, d'éirigh le Montainéagró páirt a ghlacadh i nglaonna ar thograí faoin gClár don Eoraip Dhigiteach.

**Cumarsáid leictreonach**

Tugann an tAontas dá aire gur glacadh an **Dlí nua maidir le cumarsáid leictreonach** an 10 Deireadh Fómhair 2024 atá i gcomhréir leis an *acquis* maidir le Treoir (AE) 2018/1972 lena mbunaítear an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (CEEC). Tríd an Dlí sin, lean Montainéagró ar aghaidh le leasuithe reachtacha chun bonn taca a chur faoi neamhspleáchas a Údaráis Rialála Náisiúnta, eadhon an Ghníomhaireacht um Chumarsáid Leictreonach agus Seirbhísí Poist.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil **acmhainneacht** leordhóthanach **riaracháin** forbartha ag Montainéagró chun an *acquis* a fhorfheidhmiú i réimse na cumarsáide leictreonaí ach molann sé do Mhontainéagró leanúint ar aghaidh agus níos mó ball foirne a fhostú chun na poist nach bhfuil líonta go fóill a líonadh. Molann an tAontas ceapacháin Chomhaltaí de Chomhairle na Gníomhaireachta um Chumarsáid Leictreonach agus Seirbhísí Poist i mí Aibreáin 2024. Leis sin, cuireadh ar chumas an rialtóra dul i mbun a chuid oibre agus a ghnáthfheidhmeanna an athuair agus ba chéim sa treo ceart é chun cuntas teiste maith a fhorbairt maidir le neamhspleáchas an rialtóra teileachumarsáide. Is díol sásaimh don Aontas freisin na forálacha in Airteagal 232 den Dlí nua maidir le cumarsáid leictreonach faoinar féidir leanúint de shainordú reatha chomhaltaí na Gníomhaireachta um Chumarsáid Leictreonach agus Seirbhísí Poist go dtí go rachaidh a dtéarma oifige in éag. Áirithítear leanúnachas agus cobhsaíocht san obair agus sna hoibríochtaí a bhíonn ar bun ag an nGníomhaireacht um Chumarsáid Leictreonach agus Seirbhísí Poist leis sin. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil nósanna imeachta ar bun faoi láthair chun Stiúrthóir a cheapadh don Ghníomhaireacht. Is díol sásaimh don Aontas go bhfuiltear tiomanta leanúint d'acmhainneachtaí riaracháin na Gníomhaireachta um Chumarsáid Leictreonach agus Seirbhísí Poist a neartú. Tugann an tAontas dá aire na pleananna in 2025 chun níos mó daoine a earcú sa ghníomhaireacht, agus b'fhéidir saineolaithe speisialaithe a fhostú freisin.



PUBLIC

Thairis sin, is díol sásaimh don Aontas na coimircí breise a fhoráiltear leis an Dlí maidir le cumarsáid leictreonach chun **neamhspleáchas an rialtóra** a chaomhnú. Leagtar nósanna imeachta soiléire amach sa Dlí a bhaineann le Comhaltaí den Chomhairle agus an Stiúrthóir a cheapadh agus a bhriseadh as a bpost. Is díol sásaimh don Aontas gur tugadh neamhspleáchas iomlán don Ghníomhaireacht um Chumarsáid Leictreonach agus Seirbhísí Poist, tríd an Dlí sin, i dtaca lena bhuiséad a bhainistiú agus nósanna imeachta soiléire a bhunú maidir le pleanáil agus tuairisciú airgeadais.

Is díol sásaimh don Aontas go bhfuil Montainéagró, tríd an Dlí maidir le cumarsáid leictreonach a glacadh in 2013, arna leasú in 2017, 2019 agus 2024, ag teacht le Treoir 2002/20/CE maidir le húdarú líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí (**an Treoir maidir le Údarú**) mar a iarradh in AD 9/14 CONF-ME 5. Is díol sásaimh don Aontas freisin na leasuithe a rinneadh ar an Dlí maidir le cumarsáid leictreonach in 2017 agus 2024, lenar cuireadh deireadh leis an gceanglas a bhí ar an Údarás Rialála Náisiúnta barrachas ioncaim a aistriú chuig buiséad an stáit mar a iarradh in AD 9/14 CONF-ME 5. Tugann an tAontas dá aire, de réir Airteagal 201 den Dlí nua a glacadh, nuair a bhíonn ioncam na Gníomhaireachta um Chumarsáid Leictreonach agus Seirbhísí Poist níos mó ná caiteachas na Gníomhaireachta, go leithdháiltear an barrachas ioncaim ar chuntas speisialta de chuid na Gníomhaireachta, agus go n-úsáidtear na cistí sin chun na gníomhaíochtaí a fhorordaítear faoin dlí a dhéanamh sa bhliain féilire dár gcionn. Is díol sásaimh don Aontas go bhfuil an creat maidir le bainistiú minicíochta i Montainéagró ag teacht le Treoir (AE) 2018/1972.

I bhfianaise an mhéid a luaitear thuas, measann an tAontas gur chomhlíon Montainéagró **na ceanglais maidir le cumarsáid leictreonach atá sa chéad agus sa dara tagarmharc deiridh** mar a leagtar amach sa Chomhsheasamh ón Aontas (AD 9/14 CONF-ME 5) iad.

Is díol sásaimh don Aontas go bhfuil dul chun cinn fós á dhéanamh ag Montainéagró maidir le hailíniú le *acquis* an Aontais faoi chaibidil 10 i réimse na cumarsáide leictreonaí, eadhon:

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil Montainéagró rannpháirteach mar bhreathnóir i g**Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach** (BEREC) ó 2011 i leith agus gur síníodh Comhaontú nua le BEREC an 9 Meitheamh 2023. Tugann an tAontas dá aire freisin, ó mhí an Mheithimh 2023, go ndearnadh comhalta a bhfuil stádas breathnóra aige den Ghníomhaireacht um Chumarsáid Leictreonach agus Seirbhísí Poist, Údarás Rialála Náisiúnta Mhontainéagró, sa Ghrúpa um Beartas Speictrim Raidió.



PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire gur glacadh an Dlí maidir le bonneagar fisiceach a úsáid chun líonraí ardluais cumarsáide leictreonaí a chur in úsáid i mí na Nollag 2021, dlí atá i gcomhréir tríd is tríd le Treoir 2014/61/AE maidir le bearta chun an costas a bhaineann le líonraí cumarsáide leictreonaí ardluais a chur in úsáid **(an Treoir maidir le Costas Leathanbhanda a Laghdú)**. Molann an tAontas do Mhontainéagró tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na nósanna imeachta maidir le bonneagar fisiceach a úsáid tríd an reachtaíocht thánaisteach.

Is díol sásaimh don Aontas gur cuireadh bailchríoch ar an Togra maidir leis an bPlean Náisiúnta chun líonraí a fhorbairt le haghaidh Rochtain ar an Idirlíon Leathanbhanda 2025-2029 i gcás Mhontainéagró. Tá an **Plean Náisiúnta Leathanbhanda** seo ag teacht leis an gClár Beartais don Deacáid Dhigiteach, ina ndírítear ar chlúdach gigighiotáin uilíoch agus ar chlúdach 5G faoi 2030. Aithníonn an tAontas go bhfuil sé ar intinn ag Montainéagró an Plean Náisiúnta Leathanbhanda forbartha a ghlacadh faoi dheireadh 2024. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé oibriú chun ailíniú le Rialachán (AE) 2024/1309 maidir le bearta chun an costas a laghdú a bhaineann le líonraí cumarsáide leictreonaí gigighiotáin a imscaradh, lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/2120 agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/61/AE (an Gníomh um Bonneagar Gigighiotáin).

Is díol sásaimh don Aontas gur ghlac Montainéagró straitéis i mí Lúnasa 2023 chun **líonraí cumarsáide soghluaiste 5G** a fhorbairt le haghaidh 2023-2027 agus gur shainigh sé treoracha straitéiseacha maidir le forbairt na hearnála cumarsáide leictreonaí sa straitéis uaidh dar teideal ‘Straitéis Mhontainéagró um Chlaochlú Digiteach 2022-2026’ a glacadh i mí na Nollag 2021. Ag deireadh 2022, d’éirigh leis an nGníomhaireacht um Chumarsáid Leictreonach agus Seirbhísí Poist an speictream 5G sna bandaí 700 MHz agus 3 600 MHz a chur ar ceant agus bhronn sé an speictream ar thrí oibreoir mhóra. Molann an tAontas do Mhontainéagró cloí lena phlean maidir le 5G a ghníomhachtú i ngach bardas faoi dheireadh 2024 agus cumhdach 5G a chur ar fáil do 50 % den daonra faoi 2026 ag an am céanna. Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró é féin a ailíniú le Bosca Uirlisí Cibearshlándála 5G an Aontais agus an bosca uirlisí sin a chur chun feidhme.

Is díol sásaimh don Aontas gur bunaíodh **Oifig um Inniúlachtaí Leathanbhanda** san Aireacht líne mar an Roinn um Rochtain Idirlín Leathanbhanda faoin Stiúrthóireacht um Chumarsáid Leictreonach, Seirbhísí Poist agus an Speictream Raidió. Is díol sásaimh don Aontas go nglacann foireann na hOifige um Inniúlachtaí Leathanbhanda páirt go rialta sna cruinnithe a eagraíonn líonra an Aontais d’Oifigí um Inniúlachtaí Leathanbhanda.



PUBLIC

**Seirbhísí na sochaí faisnéise**

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil Montainéagró ailínithe a bheag nó a mhór leis an *acquis* maidir le seirbhísí na sochaí faisnéise.

Ó thaobh sheirbhísí na sochaí faisnéise de, tugann an tAontas dá aire na forbairtí a rinneadh ar an **acmhainneacht riaracháin** mar a thuairiscigh Montainéagró iad. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil a dhóthain acmhainneachta riaracháin ag Montainéagró chun an *acquis* a fhorfheidhmiú i réimse sheirbhísí na sochaí faisnéise agus molann sé do Mhontainéagró leanúint ar aghaidh lena phleananna chun na poist nach bhfuil líonta go fóill a líonadh trí bhaill foirne bhreise a fhostú.

A mhéid a bhaineann leis an gcibearshlándáil, tugann an tAontas dá aire gur neartaigh Montainéagró a bhonneagar cibearshlándála, gur bhunaigh sé Foireann Freagartha an rialtais do Theagmhais a bhaineann le Ríomhairí (CIRT), agus gur chuir sé feabhas ar a acmhainneachtaí, agus gur bhunaigh sé tairseach ar líne chun feasacht a mhúscailt maidir le saincheisteanna cibearshlándála. Is díol sásaimh don Aontas na céimeanna suntasacha atá tugtha ag Montainéagró chun na caighdeáin agus na ceanglais atá sainithe ag an Aontas i dtaca leis an gcibearshlándáil a bhaint amach.

Molann an tAontas do Mhontainéagró Plean Gníomhaíochta nua a ghlacadh faoina Straitéis Chibearshlándála, i gcomhréir le cuspóirí an Aontais. Tugann an tAontas dá aire gur ghlac Montainéagró an Dlí maidir le slándáil faisnéise lena bhféachtar le hailíniú le Treoir (AE) 2022/2555 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972, agus lena n- aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (Treoir NIS 2). Molann an tAontas do Mhontainéagró a áirithiú go ndéanfar a reachtaíocht a ailíniú go hiomlán le forálacha eile Threoir NIS2 a luaithe is féidir.

Is díol sásaimh don Aontas na pleananna atá ag Montainéagró maidir le Gníomhaireacht um Chibearshlándáil a bhunú agus a acmhainneachtaí cibearchosanta a mhéadú, tar éis theacht i bhfeidhm an Dlí maidir leis an tsochaí faisnéise.

Thairis sin, is díol sásaimh don Aontas gur bunaíodh an tAcadamh Digiteach. Is maith an t-ardán ar líne é seo chun scileanna digiteacha agus ceannaireachta na seirbhíseach poiblí a fhorbairt agus is maith an t-ardán é do mhic léinn freisin; ar an gcaoi sin cuirtear feabhas ar acmhainneachtaí agus ar chumais le haghaidh an chlaochlaithe dhigitigh sa tír agus neartaítear an fheasacht dhigiteach sa tsochaí.

I bhfianaise na rialachán a ghlac an tAontas le déanaí i réimse sheirbhísí na sochaí faisnéise, leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé acmhainneachtaí riaracháin Mhontainéagró a neartú a thuilleadh chun an *acquis* nua maidir leis an tsochaí faisnéise a chur chun feidhme go héifeachtach.

I bhfianaise an mhéid a luaitear thuas, measann an tAontas gur chomhlíon Montainéagró na ceanglais a bhaineann le seirbhísí na sochaí faisnéise atá sa dara tagarmharc deiridh mar a leagtar amach sa Chomhsheasamh ón Aontas (AD 9/14 CONF-ME 5) iad.

Is díol sásaimh don Aontas go bhfuil dul chun cinn fós á dhéanamh ag Montainéagró maidir le hailíniú le *acquis* an Aontais faoi chaibidil 10 i réimse na sochaí faisnéise:

A mhéid a bhaineann le **sonraí**, is díol sásaimh don Aontas go bhfuil gealltanas foirmiúil tugtha ag Montainéagró go ndéanfaí an reachtaíocht náisiúnta a ailíniú go hiomlán le Treoir (AE) 2019/1024 maidir le sonraí oscailte agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (an Treoir maidir le Sonraí Oscailte) faoi mhí na Nollag 2026. Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró a chreat a ailíniú le Rialachán (AE) 2022/868 maidir le rialachas sonraí Eorpach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (an Gníomh um Rialachas Sonraí).

Tathantaíonn an tAontas ar Mhontainéagró bailchríoch a chur ar an Dlí nua maidir le saor-rochtain ar fhaisnéis. Molann an tAontas go mbeidh na leasuithe ar an Dlí maidir le cosaint sonraí pearsanta ag teacht le *acquis* ábhartha an Aontais, chomh maith leis na doiciméid agus na rialacháin ábhartha idirnáisiúnta a bhaineann le sonraí pearsanta agus príobháideachas a chosaint. Molann an tAontas freisin an obair atá á déanamh ag Montainéagró maidir le réiteach teicneolaíoch nua i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla uile agus le caighdeáin uile an Aontais i réimse na sonraí oscailte atá ag na húdaráis.

A mhéid a bhaineann le h**iontaoibh dhigiteach**, tugann an tAontas dá aire go bhfuil Dlí Mhontainéagró maidir le ríomh-shainaitheantas agus ríomhshíniú, a glacadh in 2017, ag teacht go hiomlán le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 (eIDAS). Is díol sásaimh don Aontas, ina theannta sin, go bhfuil Montainéagró tiomanta a reachtaíocht a ailíniú leis an gCreat Eorpach nua um Chéannacht Dhigiteach a tugadh isteach le Rialachán leasaitheach (AE) 2024/1183 (eIDAS 2), atá i bhfeidhm ó mhí na Bealtaine 2024, mar a cheanglaítear le Clár Oibre Mhontainéagró don Athchóiriú faoi Phlean Fáis na mBalcán Thiar 2025-2027. Is díol sásaimh don Aontas chomh maith gur cuireadh córas nua an Údaráis Deimhniúcháin chun feidhme.



PUBLIC

A mhéid a bhaineann le **r-sheirbhísí rialtais**, tugann an tAontas dá aire leagan 2019 den Dlí maidir le r-sheirbhísí rialtais chomh maith leis an Dlí maidir le doiciméid leictreonacha. Is díol sásaimh don Aontas an obair atá á déanamh ag Montainéagró chun réitigh theicneolaíocha nua a bhunú don Chóras Bainistithe Doiciméad Leictreonach agus chun próiseas sheisiúin leictreonacha an rialtais a bhainistiú. Is díol sásaimh don Aontas freisin an obair atá á déanamh chun feabhas a chur ar an gCóras um Malartú Sonraí Leictreonach idir cláir, córas a bhfuil uasghrádú ag teastáil uaidh. Is díol sásaimh don Aontas freisin an obair atá ar bun chun Tairseach nua r-rialtais do shaoránaigh agus do ghnólachtaí a sheoladh faoi dheireadh 2024. Is díol sásaimh don Aontas freisin go raibh an tairseach ríomhíocaíochta ag feidhmiú go hiomlán in 2023, rud a chuir ar chumas na saoránach táillí riaracháin a íoc go leictreonach.

A mhéid a bhaineann le h**idir-inoibritheacht**, tugann an tAontas dá aire gur glacadh an Creat Náisiúnta Idir-inoibritheachta agus go bhfuil sé i gcomhréir le Creat Eorpach Idir-inoibritheachta 2017. Leagann an tAontas béim a thábhachtaí atá sé a bheith ag teacht le reachtaíocht nua atá i bhfeidhm, go háirithe le Rialachán (AE) 2024/903 an (Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach).

Molann an tAontas go bhfuil an Dlí maidir le tráchtáil leictreonach ag teacht le Treoir 2000/31/CE maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, go háirithe tráchtáil leictreonach, sa Mhargadh Inmheánach (an Treoir maidir le Tráchtáil Leictreonach). Is díol sásaimh don Aontas go bhfuil sé beartaithe ag Montainéagró a reachtaíocht a ailíniú le Rialachán (AE) 2022/2065 (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) agus Rialachán (AE) 2022/1925 (an Gníomh um Margaí Digiteacha) mar chuid den Dlí nua maidir le **ríomhthráchtáil**. Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró dlús a chur leis an ailíniú leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus leis an nGníomh um Margaí Digiteacha chun gur féidir intuarthacht a thabhairt don phobal gnó.

**Beartas Closamhairc**

A mhéid a bhaineann le **seirbhísí na meán closamhairc**, i mí an Mheithimh 2024, ghlac Montainéagró pacáiste cuimsitheach reachtach chun a áirithiú go mbeadh an reachtaíocht ag teacht le *acquis* an Aontais sa réimse sin, na moltaí ó Chomhairle na hEorpa maidir le caighdeáin Eorpacha san áireamh.



PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil reachtaíocht Mhontainéagró i gcomhréir den chuid is mó le Treoir 2010/13/AE maidir le Seirbhísí na Meán Closamhairc, arna leasú le Treoir (AE) 2018/1808 maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos le dlí, le rialachán nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar i bhfianaise athruithe ar an margadh. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an reachtaíocht maidir leis na meáin a glacadh i mí Iúil 2020 agus a leasaíodh in 2024 ag teacht le Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc agus go dtugtar isteach léi coimircí dlíthiúla ábhartha i gcoinne cur isteach polaitiúil ar an gcraoltóir poiblí náisiúnta (RTCG) agus ar an nGníomhaireacht um Sheirbhísí na Meán Closamhairc – ar a dtugtaí an Ghníomhaireacht Rialála um na Meáin Leictreonacha roimhe seo.

Is díol sásaimh don Aontas gur tugadh cumhachtaí nua don Ghníomhaireacht um Sheirbhísí na Meán Closamhairc nuair a glacadh an Dlí maidir le Seirbhísí na Meán Closamhairc agus gur tugadh aghaidh ar an dúshlán seanbhunaithe i dtaca lena héifeachtaí a bhí an Ghníomhaíocht maidir le creat rialála a fhorfheidhmiú mar **chomhlacht rialála neamhspleách**. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil ionstraimí cuimsitheacha gearrtha pionós ag an nGníomhaireacht um Sheirbhísí na Meán Closamhairc anois, lena n-áirítear an chumhacht fíneálacha a ghearradh i gcás sáruithe ar an dlí, chomh maith le bearta neartaithe chun coinbhleacht leasa a chosc agus chun go mbeidh feidhmeanna comhoiriúnach d'ábhair pholaitiúla agus don earnáil rialáilte. Tugann an tAontas dá aire go n-áirithítear leis an gcreat dlíthiúil atá i bhfeidhm tríd an Dlí maidir leis an gcraoltóir poiblí náisiúnta a glacadh i mí an Mheithimh 2024 go dtabharfaí maoiniú intuartha, inbhuanaithe agus leordhóthanach do RTCG agus go mbeidh RTCG neamhspleách.

Molann an tAontas do Mhontainéagró a chuid oibre a chur chun cinn maidir le hailíniú le forálacha Rialachán a glacadh le déanaí, eadhon Rialachán (AE) 2024/1083 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh seirbhísí meán sa mhargadh inmheánach (**an Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán**), agus an spriocdháta chun an Gníomh a chur i bhfeidhm i mBallstáit an Aontais á chur san áireamh. Is díol sásaimh don Aontas go bhfuil sé beartaithe ag Montainéagró dul sa treo sin.

Tugann an tAontas dá aire gur ghlac Montainéagró, i mí Dheireadh Fómhair 2023, a straitéis meán do 2023-2027 mar aon le plean gníomhaíochta 2023-2024 a ghabhann léi.

Is díol sásaimh don Aontas go bhfuil Montainéagró páirteach i snáitheanna na meán agus i snáitheanna trasearnála **Eoraip na Cruthaitheachta** arís ós rud é gur glacadh an Dlí maidir le seirbhísí na meán closamhairc. Is díol sásaimh don Aontas freisin go bhfuil creat reachtach Mhontainéagró i réimse na hoidhreachta scannánaíochta ag teacht leis an *acquis* sa chaibidil seo.



PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire na forbairtí a rinneadh ar an **acmhainneacht riaracháin** mar a thuairiscigh Montainéagró iad. Tugann an tAontas dá aire gur cosúil, le forálacha an Dlí nua maidir le seirbhísí na meán closamhairc agus le forálacha Dhlí na meán atá ábhartha do Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc, go rathaítear acmhainneacht riaracháin leordhóthanach chun an *acquis* a fhorfheidhmiú i réimse sheirbhísí na meán closamhairc, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le neamhspleáchas rialála. Tugann an tAontas dá aire freisin na gealltanais atá tugtha ag Montainéagró chun a áirithiú go mbeidh dóthain acmhainní agus foirne ag an nGníomhaireacht um Sheirbhísí na Meán Closamhairc agus go gcuirfear dóthain oiliúna ar an bhfoireann chun a áirithiú go gcuirfear reachtaíocht na meán closamhairc chun feidhme mar is ceart. Dá bhrí sin, beidh a dhóthain acmhainneachta riaracháin ag an nGníomhaireacht um Sheirbhísí na Meán Closamhairc chun an *acquis* a fhorfheidhmiú i réimse sheirbhísí na meán closamhairc, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le neamhspleáchas rialála.

I bhfianaise an mhéid a luaitear thuas, measann an tAontas gur chomhlíon Montainéagró na ceanglais maidir leis an mbeartas closamhairc atá sa chéad agus sa dara tagarmharc deiridh mar a leagtar amach sa Chomhsheasamh ón Aontas (AD 9/14 CONF-ME 5) iad.

Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá na meáin chlosamhairc agus cuireann sé in iúl go ndéanfar dlúthfhaireachán ar fhorbairtí sa réimse sin agus ar an gcaoi a gcuirtear an reachtaíocht chur chun feidhme chun neamhspleáchas leanúnach rialtóir na meán a áirithiú, lena n-áirítear i gcomhthéacs chaibidil 23 maidir le saoirse na meán.

* * *

I bhfianaise an mhéid a luaitear thuas, tugann an tAontas dá aire, ag an gcéim seo, nach gá tuilleadh caibidlíochta a dhéanamh faoin gcaibidil seo.

PUBLIC

Leanfar d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le hailíniú leis an *acquis* agus maidir leis an *acquis* a chur chun feidhme le linn na caibidlíochta. Cuireann an tAontas in iúl go ndíreoidh sé go sonrach ar na saincheisteanna sonracha uile a luaitear thuas a fhaire, lena n-áirítear d'fhonn acmhainneacht riaracháin Mhontainéagró a áirithiú chomh maith lena chumas an reachtaíochta a ailíniú i ngach réimse faoin gcaibidil seo. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar na naisc idir an chaibidil seo agus caibidlí caibidlíochta eile. Ní anois ach ag céim níos faide anonn sa chaibidlíocht a bheifear in ann an measúnú deiridh a dhéanamh ar chomhréireacht reachtaíocht Mhontainéagró leis an *acquis* agus ar a indéanta a bheidh sé an reachtaíocht sin a chur chun feidhme. Sa bhreis ar an bhfaisnéis a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón Aontas le haghaidh na caibidlíochta sa chaibidil seo, agus atá le cur ar fáil don Chomhdháil, iarrann an tAontas ar Mhontainéagró faisnéis mhionsonraithe i scríbhinn a chur ar fáil go rialta don Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais maidir leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme an *acquis*.

I bhfianaise na mbreithniúchán uile thuas, fillfidh an tAontas, más gá, ar an gcaibidil seo tráth is iomchuí.

Tugann an tAontas dá aire go nglacann Montainéagró, sa seasamh caibidlíochta AD 13/13 (CONF ME 9) agus san aguisín AD 13/13 ADD 1 (CONF-ME 9) uaidh, an *acquis* faoi Chaibidil 1 mar atá i bhfeidhm ón 12 Nollaig 2024. Thairis sin, tugann an tAontas dá aire go ndearbhaíonn Montainéagró go leanfaidh sé leis an bpróiseas ailínithe leis an *acquis* agus go mbeidh sé faoi réir lena chur chun feidhme faoi dháta a aontachais leis an Aontas Eorpach.

Thairis sin, meabhraítear don Aontas go bhféadfadh acquis nua a bheith ann idir an 12 Nollaig 2024 agus tabhairt i gcrích na caibidlíochta.

---


PUBLIC